

Topaic: An thuismitheoir

Fothopaic: An saol oibre / *au pair*

Seo tascanna samplacha ranga a d'fhéadfaí a bhunú ar an mír físe ina bhfuil Edel Ní Bhriain ag labhairt faoi chailín atá ag obair lena clann sa teach mar *au pair*.

Tá an mhír físe agus an téipscript ar an suíomh.

Nóta: Is tascanna **samplacha** ranga atá anseo a léiríonn cad a **d'fhéadfaí** a dhéanamh le grúpa foghlaimoírí, bunaithe ar an mír físe. **Ní plean ceachta** atá i gceist. Moltar go roghnódh an múinteoir tascanna a bheadh oiriúnach don ghrúpa foghlaimoírí atá aige/aici agus go gcuirfí na tascanna **in oiriúint** do riachtanais an ghrúpa.

Treoracha don Mhúinteoir

Tasc samplach 1: Stór focal

Beidh na foghlaimeoirí ag éisteacht ar ball le hEdel Ní Bhriain ag caint faoi *au pair* atá ina cónaí lena clann. Tá an mhír físe agus an téipscrip ar an suíomh.

Mínigh cé agus cad leis a bheidh siad ag éisteacht.

Scaip an bhileog ‘Stór Focal: Cúrsaí Oibre’ agus cuir gach beirt ag obair le chéile chun na colúin a cheangal. Nuair a bheidh siad réidh, pléigh stór focal breise a d’fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu.

Tasc samplach 2: Éisteacht

Scaip an bhileog ‘Lá Macarena: Éisteacht’. Mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag éisteacht le hEdel Ní Bhriain ag caint faoi *au pair* darb ainm Macarena atá ina cónaí lena clann. Seinn an mhír agus cuir na foghlaimeoirí ag obair ar na tascanna. Tá na habairtí bunaithe ar struchtúir a chothaíonn deacrachtaí d’fhoghlaimeoirí go minic: (i) ‘réiteach le’ (ii) ‘freastal ar’ (iii) ‘bualadh le’. Má tá am ann, iarr orthu a gcuid abairtí féin a chumadh ag baint úsáide as na struchtúir sin.

Tasc samplach 3: Ag plé cúram leanaí

Gearr amach an tasc ar an mbileog ‘Aire do na páistí: Tasc’. Cuir na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar chun na socruithe éagsúla ar an mbileog a phlé. Nuair a bheidh siad críochnaithe, spreag plé ranga.

D’fheadfaí forbairt bhreise a dhéanamh ar an tasc trí iarraidh ar na foghlaimeoirí tasc beag scríbhneoireachta a dhéanamh ina scríobhann siad na buntáistí nó na míbhuntáistí a bhaineann le ceann amháin de na socruithe.

Tasc samplach 4: Ag cuardach feighlí

Scaip an bhileog ‘Ag cuardach feighlí: Tasc’. Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna chun an ríomhphost a léamh agus chun an plé a dhéanamh. Tabhair deis dóibh ina dhiaidh sin a gcuid scéalta a roinnt leis an rang.

Ansin cuir ag obair iad ar Chuid B. Chomh maith leis an bplé, spreag iad chun liosta scríofa a chur ar fáil.

Tasc samplach 5: Rólghníomhaíocht

Gearr amach na ról atá ar an mbileog 'Ag cuardach feighlí: rólghníomhaíocht'. Cuir na foghlaimoirí ag obair i mbeirteanna agus tabhair ról an duine do gach beirt – Carol do dhuine amháin agus Sinéad don duine eile. Eagraigh an rólghníomhaíocht tar éis roinnt ullmhúcháin agus ansin pléigh aon deacrachtaí a tháinig chun cinn.

Tasc samplach 6: Plé

Scaip an bhileog 'Cúrsaí oibre: plé'. Cuir na foghlaimoirí ag obair i mbeirteanna chun an plé a dhéanamh. Tabhair deis dóibh ina dhiaidh sin a gcuid tuairimí a roinnt leis an rang.

Lá Macarena: Éisteacht

Éist le hEdel ag cur síos ar an lá a bhíonn ag Macarena, an *au pair* atá ina cónaí léi. Cé mhéad a thuig tú?

Cad a dhéanann Macarena gach lá? Scríobh síos an méid tascanna agus is féidir leat.

Tascanna:

Cén Ghaeilge a bhí ag Edel ar na frásaí seo thíos?

1. We get on very well with her.

2. She attends classes two nights a week.

3. She meets them often.

Anois, cuir féin agus do pháirtí Gaeilge ar na habairtí seo:

Aoife and Áine get on very well.
Seán doesn't get on with Kyle.
We all attend an Irish class on Friday morning.
We meet each other every Saturday.
I'd meet her if I had the time.

I'd love to meet her.
Do they get on?
I find it hard to get on with her.
Do you attend that class?
I attended the class for a year and then I stopped.



Aire do na Páistí - Tasc



Beidh tú ag obair i ngrúpa.

Féachaigí ar na socruithe a bhaineann le cúram leanaí sna boscaí thíos. Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le gach ceann? Pléigí! Agus tugaigí cúiseanna!

Crèche nó naíolann

Seantuismitheoir

Feighlí i dteach an
fheighlithe

Feighlí i do theach féin

Seirbhísí réamhscoile agus
iarscoile

Ag Cuardach Feighlí – Tasc

(a) Léigh an ríomhphost thíos a scríobh Siobhán go dtí a deirfiúr Aoife nuair a bhí sí ag lorg feighlí dá páistí. Ansin pléigh le do pháirtí an bhfuil aon scéalta mar sin agatsa faoi do pháistí féin.

‘...Bhuel! An cuimhin leat an feighlí álainn ar bhuail mé léi? D’iarr mé uirthi teacht chun an tí chun bualadh leis an páistí. Táim ag súil go MÓR go nglacfaidh sí leis an bpost. D’fhéach Eimear uirthi agus dúirt sí léi gur breá léi a bheith ag piocadh a sróine! Chuir Áine ceist uirthi cé mhéad airgid a bheadh á fháil aici chun aire a thabhairt dóibh! Agus dúirt Seán léi go bhfuil mise an-chrosta mar Mhamaí. Hmm....tá súil agam go dtógfaidh sí an post!...’

(b) Cad iad na tréithe ba mhaith leat a bheadh ag feighlí? Pléigh agus déan liosta le cabhair ó do pháirtí.

Anois smaoinígí ar an tréithe ba mhaith libh a bheadh ag na daoine seo a leanas:

(i) Múinteoir do pháiste (ii) Dlúthchara do pháiste (iii) Duine a thiocfadh ar laethanta saoire leat féin agus leis na páistí.



Ag Cuardach Feighlí – Rólghníomhaíocht

Duine A: Feighlí – Carol

Is tusa Carol. Is feighlí linbh tú. Tá tú ag iarraidh aire a thabhairt do pháistí i do theach féin. Tá tú ag dul ag bualadh le Sinéad, bean atá ag lorg feighlí. Seo thíos eolas:

- Ba mhaith leat an samhradh ar fad a bheith saor agat.
- Is maith leat a bheith ag cócaireacht.
- Tá gairdín deas agat.
- Tá madra agat.
- Ba mhaith leat críochnú ag 5.30 p.m. gach lá.
- Creideann tú go bhfuil páistí an lae inniu millte!

Bíodh an cruinniú agat le Sinéad.

Duine B: Tuismitheoir – Sinéad

Is tusa Sinéad agus tá tú ag lorg feighlí lánaimseartha. Tá tú ag lorg duine deas, cineálta bog. Tá tú ag dul ag bualadh le Sinéad – bean a thugann aire do pháistí. Nuair a labhair tú léi ar an nguthán shíl tú go raibh sí beagán crosta! Seo thíos eolas:

- Tá triúr páistí agat – aois 2, 7, 9.
- Tá beirt de na páistí ar scoil ach tá an leanbh is óige sa bhaile.
- Tá tú ag obair go lánaimseartha ó 9.00 a.m. – 5.30 p.m. Bíonn tú sa bhaile ag 6.00 p.m.
- Bíonn tú saor i mí Lúnasa ach ag obair i mí Iúil.
- Ní maith leat madraí.
- Ba mhaith leat go gcuirfeadh an feighlí béilí ar fáil.

Bíodh an cruinniú agat le Carol.

Cúrsaí Oibre – Plé

Pléigh féin agus do pháirtí na boscaí seo thíos. Tugaigí cúiseanna le bhur bhfreagraí!

post an-deacair...

post deas éasca...

dá mbeadh rogha
aon phost ar
domhan agam...

post a bhfuil strus
mór ag baint
leis...

post
dainséarach...

post suimiúil...